

[07\\_05.mp3](#)

**Téipscrip**                      **Bileog 7.5**

- Máire:            Bhí an bia sin go deas, nach raibh?  
Jan:                Bhí sé ceart go leor. Cad é mar atá Cormac?  
Máire:            Tá sé go maith. An mbeidh caife agat?  
Jan:                Ní bheidh. B'fhearr liom tae.  
Máire:            Go breá!
- Máire:            Gabh mo leithscéal, cupán caife agus pota tae le do thoil!  
Freastalaí:        Cinnte. Ar mhaith leat caife bán nó dubh?  
Máire:            Caife bán, le do thoil. Go raibh maith agat.
- Máire:            An dtógann tú siúcra?  
Jan:                Tógaim.  
Máire:            Seo duit.  
Jan:                Go raibh maith agat.  
Máire:            An bhfuil tú ceart go leor?  
Jan:                Tá, tá cinnte. An bhfuil tú ag bualadh le Cormac arís?  
Máire:            Tuigim anois, a Jan. Tá muid cairdiúil go fóill, ach sin é.  
Jan:                Ceart go leor. Bainne, le do thoil?

[07\\_09.mp3](#)

**Téipscrip**                      **Bileog 7.9**

- Máire:            Anois cad é a bheidh agaibh? A Mhuireann?  
Muireann:        Beidh an sailéad agamsa a Mháire agus an trosc.  
Máire:            A Sheáin?  
Seán:              Beidh an t-anraith agam ar dtús, ach is maith liom trosc agus uaineoil...ceart go leor, b'fhearr liom an uaineoil.  
Máire:            Go breá! Agus, cad é ba mhaith leatsa, a Jan?  
Jan:                Ba mhaith liomsa an t-anraith agus an trosc chomh maith.  
Máire:            Fadhb ar bith.

*Tá an príomhchúrsa críochnaithe:*

- Máire:            Beidh an sailéad torthaí agatsa, a Jan. Tá a fhios agam nach maith leat cáis. A Sheáin agus A Mhuireann, an sailéad torthaí nó cáis?  
Seán:              An pláta cáise agus caife le do thoil.  
Muireann:        An sailéad torthaí domsa agus cupán tae, le do thoil.

[07\\_14.mp3](#)

**Téipscript**                      **Bileog 7.14**

- Freastalaí: An bhfuil sibh réidh le hordú?  
Máire: Ní bheidh an chéad chúrsa agamsa. Beidh an chadóg agamsa led' thoil le sailéad in áit na sceallóga.  
Freastalaí: Cinnte. Agus tú féin?  
Jan: Ba mhaith liomsa an stobhach glasraí le do thoil. An bhfuil arán donn leis sin?  
Freastalaí: Tá, arán donn an tí.  
Jan: Go hiontach.  
Freastalaí: Sin é?  
Máire: An clár fíona le do thoil?  
Freastalaí: Ó, tá brón orm. Bomaite amháin.  
Jan: Buidéal fíon bán, an Chablis, le do thoil, agus crúiscín uisce.  
Freastalaí: Cinnte.

[07\\_15.mp3](#)

**Téipscript**                      **Bileog 7.15**

- Máire: Ar thaitin an béile leat?  
Jan: Thaitin sé go mór liom. Bhí an stobhach an-bhlasta agus bhí an t-arán donn go maith. Ar thaitin sé leatsa?  
Máire: Thaitin an áit liom agus thaitin na freastalaithe liom, ach caithfidh mé a rá nach raibh an chadóg chomh maith sin.  
Jan: Nach raibh? Cén fáth?  
Máire: Bhí sé beagáinín ródhéanta.